An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

SuirbhéannaCSO
CSOSurveys

# Irish Health Survey



**Because life looks different for all of us**

IHS

## What is the Irish Health Survey?

The Irish Health Survey is a nationwide survey of individuals carried out by the Central Statistics Office (CSO).

This important survey gathers information on:

- Individuals' current health status
- Use of the Irish health care system
- Health determinants such as smoking and nutrition

## Why is the IHS important?

The IHS provides reliable data about the health of people in Ireland.

These statistics inform decisions on public health policies, so that services are provided where and when they are needed most.

We depend on your information, so please take part in this voluntary survey because **your voice matters**.

## Why was I selected for the IHS?

You were selected totally at random. We can't survey every person in the state, so a random selection is taken from the CSO's statistical data sources.

Your participation will represent others who haven't been chosen to take part and that is why it's so important to take part.

## How do I know if an interviewer is from the CSO?

All CSO staff carry an official CSO identity card with their name and photograph. If you have any concerns, please contact the CSO Head Office using the details in this leaflet.

## How is my information recorded?

You can complete the survey securely online by copying or typing the link provided in your letter into a web browser or by scanning the QR code using a mobile device. Following this, you will be prompted to enter a secure access key, which is provided in your letter. The survey will be available online for two weeks after you receive the letter.

After this time, an interviewer may call and assist you in completing it by recording your answers on a secure, fully encrypted tablet computer.

## Is my personal information confidential?

Yes. The confidentiality of your information is guaranteed in law under the Statistics Act, 1993.

We will never provide your personal details or information that may identify you to government departments, organisations or approved researchers. The information we provide is generalised, anonymous information, which can only be used for statistical purposes.

The data will be securely held for as long as it is being used for statistics. Once data is published, the CSO data management policy ensures data is deleted when it is no longer required.

## About the Central Statistics Office (CSO)

The CSO is the official, impartial collector and distributor of statistics about Ireland. We regularly take general and specific surveys of households, individuals and enterprises, including this survey. Under the Statistics Act, 1993, CSO interviewers can call upon households for the purpose of collecting statistics.

Every week CSO interviewers conduct surveys in over 3,000 households nationwide, talking to people and gathering information from households. These surveys give us a very accurate picture of the economic and social situation of the citizens of Ireland with a level of detail that no one else can gain.

**For more information about this survey and how your data will be used, please contact us on:**

**Tel:** (021) 453 5110

**E-mail:** CSOTakePart@cso.ie

**Contact:** Household Surveys,
Central Statistics Office,
Skehard Road, Cork, T12 X00E

**For more information, visit us online**

https://www.cso.ie

https://link.cso.ie/ihs

**For information on support services, please visit**

https://link.cso.ie/supportservices

**Find us on**

**X (Twitter), Facebook and Instagram:** CSOIreland

**YouTube:** CSOIrelandMedia

## Data protection

Under the General Data Protection Regulation, you have the following rights:

- The right to lodge a complaint with the Data Protection Commission. Contact details: Office of the Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square South, Dublin 2, D02 RD28.
- The right to request access, rectification, erasure, restriction or to object to the processing of your personal data.

However, because your data is processed for statistical purposes these rights may be limited. This is due to the fact that the exercise of any of these rights may render impossible, or seriously impair, the achievement of the statistical processing and such restriction may be necessary for the fulfilment of those purposes.

**Further data protection information regarding IHS is available on the CSO website at this link:**
https://link.cso.ie/trust

**Central Statistics Office Data Protection Officer Contact Details:**

DPO@cso.ie

If you are interested in a career as a CSO Survey Interviewer, please see the CSO website:
**https://link.cso.ie/careers**

0241801

0241801 Irish Health Survey Leaflet.indd 1 21/05/2025 10:06:35

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

SuirbhéannaCSO
CSOSurveys

# Suirbhé Sláinte na hÉireann



## Is iomaí taithí éagsúil atá againn ar an saol

SSÉ

## Céard é Suirbhé Sláinte na hÉireann?

Is suirbhé náisiúnta ar dhaoine aonair é Suirbhé Sláinte na hÉireann a dhéanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Bailítear leis an suirbhé tábhachtach seo faisnéis faoi:

- Stádas reatha sláinte daoine aonair
- An úsáid a bhaintear as córas cúraim sláinte na hÉireann
- Deitéarmanaint sláinte amhail caitheamh tobac agus cothú.

## Cén fáth a bhfuil an SSÉ tábhachtach?

Cuireann an SSÉ sonraí iontaofa ar fáil faoi shláinte mhuintir na hÉireann.

Leis na staitisticí sin, cuirtear bonn eolais faoi chinntí maidir le beartais sláinte poiblí, ionas go soláthraítear seirbhísí san áit is mó a bhfuil gá leo agus an uair is mó a bhfuil gá leo.

Braitheann muid ar d'eolas, mar sin glac páirt sa suirbhé deonach seo mar go bhfuil **do ghuth tábhachtach**.

## Cén fáth ar roghnaíodh mé don SSÉ?

Roghnaíodh thú go hiomlán randamach. Ní féidir linn suirbhé a dhéanamh ar gach aon duine sa stát, mar sin tógaimid sampla randamach ó d'fhoinsí sonraí staitisticiúla CSO.

Beidh do rannpháirtíocht ionadaíoch ar dhaoine eile nár roghnaíodh sa sampla agus sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin páirt a ghlacadh.

## Cá bhfios dom gurb as an CSO an t-agallóir?

Bíonn cárta aitheantais oifigiúil CSO lena n-ainm agus grianghraf air ag baill foirne na hOifige. Má tá aon amhras ort, déan teagmháil le ceanncheathrú na hOifige - tá sonraí teagmhála luaite ar an bpaimfléad seo.

## Conas a chuirtear m'eolas i gcuntas?

Is féidir leat an suirbhé a líonadh amach go slán ar líne tríd an nasc i do litir a chóipeáil nó a chlóscríobh isteach i mbrabhsálaí gréasáin nó an cód QR a scanadh ar ghléas soghluaiste. Ina dhiaidh sin, iarrfar ort eochair shlán rochtana a iontráil, agus tá an eochair sin le fáil i do litir. Beidh an suirbhé ar fáil ar líne ar feadh coicíse tar éis duit an litir a fháil.

Ina dhiaidh sin, féadfaidh agallóir teacht chugat agus cabhrú leat é a chomhlánú trí do chuid freagraí a chlárú ar ríomhaire táibléid slán, lánchriptithe.

## An bhfuil m'eolas pearsanta faoi rún?

Tá. Daingnítear rúndacht d'eolas faoin dlí san Acht Staidrimh, 1993.

Ní thabharfaimid riamh do shonraí pearsanta nó eolas a d'fhéadfadh tú a aithint, d'aon roinn rialtais, eagraíocht, nó taighdeoir ceadaithe. Eolas ginearálaithe anaithnid atá in aon mhír a thugaimid d'aon dream seachtrach, nach féidir é a úsáid ach chun críocha staidrimh amháin.

Coinneofar na sonraí go slán fad is atáthar á n-úsáid i gcomhair staitisticí. Chomh luath is a bhfoilsítear sonraí/torthaí, deimhnítear faoi bheartas bainistithe sonraí na hOifige go scriostar bunsonraí suirbhéireachta nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh.

## Maidir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Is é an CSO an t-eagras freagrach as staitisticí oifigiúla neamhchlaonta ar Éirinn a bhailiú agus a dháileadh. Déanaimid suirbhéanna ginearálta agus sonracha go rialta ar líonta tí, daoine aonair agus gnólachtaí, an suirbhé seo ina measc. Faoin Acht Staidrimh, 1993, is féidir le hagallóirí na Príomh-Oifige Staidrimh bualadh isteach ag teaghlaigh chun staitisticí a bhailiú.

Gach seachtain, cuireann agallóirí CSO breis is 3,000 líon tí faoi agallamh, iad ag labhairt le daoine agus ag bailiú eolais ó líonta tí. Leis na suirbhéanna seo, tugtar léargas an-chruinn maidir le cás geilleagrach agus sóisialta shaoránaigh na hÉireann ar bhealach agus le miondealú sonraí nach féidir le haon dream eile a fháil.

**Chun teacht ar bhreis eolais faoin suirbhé seo agus conas a úsáidfear do shonraí, déan teagmháil linn ar:**

**Guthán:** (021) 453 5110

**R-phost:** CSOTakePart@cso.ie

**Teagmhálaí:** Suirbhéanna ar Líonta Tí,
An Phríomh-Oifig Staidrimh,
Bóthar na Sceiche Airde,
Corcaigh, T12 X00E.

**Le haghaidh breis eolais, féach ar**

https://www.cso.ie/ga

http://link.cso.ie/sse

**Chun eolas a fháil ar sheirbhísí tacaíochta, féach ar**

https://link.cso.ie/seirbhisitacaiochta

**Aimsigh muid ar**

**X (Twitter), Facebook & Instagram:** CSOIreland

**YouTube:** CSOIrelandMedia

## Cosaint Sonraí

Faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, tá na cearta a leanas agat:

- gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28).
- rochtain, ceartú, léirscriosadh nó srianadh a iarraidh ar do shonraí pearsanta nó agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála sonraí pearsanta.

É sin ráite, ós rud é gur chun críocha staidrimh a mbeifí ag próiseáil do shonraí d'fhéadfadh teorainn a bheith leis na cearta luaite sa dara phointe sin. Tá seo amhlaidh sa chás gur dócha nach bhféadfaí cuspóirí na próiseála staidrimh a ghnóthú nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú de bharr feidhmiú neamhtheoranta aon cheann de na cearta sin.

**Tá teacht ar a thuilleadh eolais faoin gcosaint sonraí maidir leis an SSÉ ar shuíomh gréasáinan CSO, ag an nasc:**
https://link.cso.ie/iontaobhas

**Sonraí Teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí an CSO:**

DPO@cso.ie

Má tá suim agat i ngairm mar Agallóir Suirbhé leis an CSO, féach an suíomh gréasáin:
**https://link.cso.ie/gairm**

0241801

0241801 Irish Health Survey Leaflet.indd 2 21/05/2025 10:06:39